COUR DE JUSTICE
DE L'UNION EUROPÉENNE

# Saoirse os comhair na Cúirte Breithiúnais: Treo nua?



An Breitheamh Suzanne Kingston
12 Meitheamh 2025

curia.europa.eu

# SA LÁ ATÁ INNIÚ ANN, CAD IS BRÍ LE “SAOIRSE” I nDLÍ AN AONTAIS EORPAIGH?

Athrú / leathnú tábhachtach le feiscint le 15 bliana anuas: Béim ar **shaoirse eacnamaíoch** – go bhéim ar saoirse ag baint le **cheartanna bunúsacha**: An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Le gairid: Béim ar shaoirse ag baint le **luachanna bunsúsacha AE** (Airt. 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

> ***Airt. 2 CAE «*** *Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar* ***dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine****, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad… »*

**Cad í an chothromaíocht atá le baint amach idir saoirse eacnamaíoch agus saoirsí eile i gcásdlí na Cúirte : Saoirse ag baint le sonraí pearsanta; saoirse an phreasa, (msh. comhlachtaí teicneolaíochta)?**

# AR DTÚS (1960 -): FÓCAS AR SHAOIRSE EACNAMAÍOCH

**Saoirse gluaiseachta**: piléir an **mhargaidh inmheánaigh** (« internal market »)

I gcothromaíocht le luachanna eile sa Chonradh: **cúiseanna dianriachtana leasa phoiblí sháraithigh** (« imperative reasons of overriding public interest »); **dualgas cruthúnais** (burden of proof) ar an mBallstát

M.s.. C-379/87 **Groener (múinteoir ealaíne - tábhacht na Gaeilge mar theanga náisiúnta)**

# SAORGHLUAISEACHT SAORÁNACH (2001-)

- Bristear an ceangal idir saorghluaiseacht + gníomhaíocht eacnamaíoch (Airt 9 CAE; Treoir 2004/38)

M.s. le déanaí C-4/23 **Mirin** (**féiniúlacht inscne**)

- Chinn an Chúirt Bhreithiúnais **nach bhféadfaidh Ballstát diúltú aitheantas a thabhairt d'athrú ar thúsainm agus ar fhéiniúlacht inscne a fuarthas go dleathach i mBallstát eile**. Is bacainn é an diúltú sin ar shaorghluaiseacht agus ar an gceart cónaithe laistigh den Aontas Eorpach.

- Ós rud é go bhfuil **féiniúlacht phearsanta, lena n-áirítear céadainm agus inscne**, **bunúsach**, bíonn deacrachtaí riaracháin agus príobháideacha ag teacht salach ar dhlí an Aontais mar thoradh ar dhiúltú den sórt sin.

# TREO NUA: SAOIRSE SA CHAIRT (2010-) + LUACHANNA BUNÚSACHA AE

- Saoirse ag baint le **sonraí pearsanta** (Airt. 7 / 8 den Chairt) : An geilleagar digiteach (« digital economy »)
- **Saoirse chun tuairimí a nochtadh / saoirse an phreasa** (Airt. 11 den Chairt)
- **Saoirse chreidimh** (Airt. 10 den Chairt)
- **Saoirse chun gnó a sheoladh** (Airt. 16 Cairt)

- Saoirse ag baint le **luachanna bunúsacha** (Airt. 2 CAE) - **Smacht reachta (rule of law) / daonlathas**

# SAOIRSE AG BAINT LE SONRAÍ PEARSANTA: AN GEILLEAGAR DIGITEACH

- Cothromaíocht idir **saoirse an tsaoránaigh gan bheith ina chonaí i « sochaí an fhaireachais »** (« surveillance society ») » + **saoirse eacnamíochta na gcuideachtaí / cosaint na slándála náisiúnta** (« national security »)

- M.s., **Digital Rights Ireland** (bailíocht reachtaíocht maidir le coinneáil sonraí)**, Schrems I, Schrems II** (bailíocht « foráil tearmainn » (Safe Harbour) / « Sciath Phríobháideachais » (Privacy Shield), maidir le aistrithe sonraí idir AE + Stáit Aontaithe)

- Réamhrialuithe ón Ard-Chúirt

# - M.S. C-548/21 BEZIRKSHAUPTMANNSCHAFT LANDECK (2024)

I gcás Ostaraigh, rinne na póilíní iarracht fón póca faighteora pacáiste ina raibh cannabas a dhíghlasáil.

- Bailíocht an imscrúdaithe sin i bhfianaise treoir maidir le **cosaint sonraí pearsanta a úsáideann na póilíní agus na húdaráis bhreithiúnacha**?

- An Chúirt: ní gá go mbeadh rochtain ar shonraí atá ar fhóin phóca teoranta do choireacht thromchúiseach a chomhrac. Murab amhlaidh an cás, bheadh baol ann fós go mbeadh daoine **saor ó phionós i leith cionta coiriúla i gcoitinne** agus, dá bhrí sin, bheadh baol ann don limistéar saoirse, slándála agus ceartais san Aontas Eorpach

- Ní mór **réamhúdarú** a fháil ó chúirt nó ó údarás neamhspleách agus ní mór don imscrúdú a bheith **comhréireach**.

# M.S. C-470/21 LA QUADRATURE DU NET II (2024)

An Chúirt Iomlán (tar éis 2 thuairim): **Cothromaíocht nua idir cosaint sonraí + cionta coiriúla**

Foraithne Fhrancach, chun saothair a chumhdaítear le cóipcheart nó cearta gaolmhara (neighbouring rights) a chosaint **ó chionta arna ndéanamh ar an idirlíon**:

CBAE: Féadfaidh na Ballstáit oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhíse idirlín **seoltaí IP a stóráil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach d'fhonn cionta coiriúla i gcoitinne a chomhrac**, ar choinníoll nach bhféadfar tátail bheachta (« precise conclusions ») faoi shaol príobháideach an ábhair sonraí a bhaint astu.

Baintear é sin amach trí shocruithe stórála lena ndéantar **deighilt atá dosháraithe go héifeachtach (« genuinely watertight separation ») idir seoltaí IP agus catagóirí eile sonraí pearsanta, go háirithe sonraí aitheantais shibhialta**,

# M.S. C-470/21 LA QUADRATURE DU NET II (2024)

Féadfaidh na Ballstáit freisin, faoi choinníollacha áirithe, **rochtain ar shonraí aitheantais shibhialta** a bhaineann le seoltaí IP a údarú don údarás inniúil náisiúnta, **ar choinníoll go ráthaítear deighilt atá dosháraithe go héifeachtach idir na catagóirí éagsúla sonraí le stóráil dá leithéid**

Nuair a d'fhéadfaí, i gcásanna neamhghnácha, tátail bheachta (« precise conclusions ») maidir le saol príobháideach an ábhair sonraí a bhaint as saintréithe a bhaineann le nós imeachta náisiúnta, ní mór don rochtain sin a bheith faoi réir grinnscrúdú roimh ré arna dhéanamh ag **cúirt nó ag údarás riaracháin neamhspleách**

<u>= Treo nua, níos solúbtha maidir leis an gcothromaíocht idir cosaint sonraí agus cionta coiriúla</u>

# SAOIRSÍ AG BAINT LE SONRAÍ PEARSANTA: AN GEILLEAGAR DIGITEACH


Reachtaíocht nua thábhachtach in AE:

- **Gníomh um Margaí Digiteacha** (« Digital Markets Act »/ DMA): Rialachán 2022/1925: Cur chuige « ex ante »; iomaíocht chóir (« fair competition »)

- **Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha** (« Digital Services Act »/DSA): Rialachán 2022/2065 – an Coimisiúin Eorpach + (in Éirinn) Coimisiún na Meán

- **Gníomh um an Intleacht Shaorga** (« AI Act »): Rialachán 2024/1689 – an Coimisiúin Eorpach

# « GEATÓIRÍ » SA GHNÍOMH UM MARGAÍ DIGITEACHA FAOI LÁTHAIR



# BREITHIÚNAS IN T-1077/23 BYTEDANCE V AN COIMISIÚN (2024) (ACHOMHARC: C-627/24 P)

Bytedance:

Solathraíonn an t-ardán líonraithe sóisialta ar líne (social network) **TikTok**

Caingean i gcoinne an chinnidh « **gatekeeper** »

Breithiúnas tapaigh – « Nós imeachta brostaithe » (cás práinneach) – 8 mí

**Dhíbh an Chúirt an chaingean**

Chomhlíon Bytedance na critéir a leagtar síos sa rialachán – mar gheall ar a margadhluach domhanda agus líon na n-úsaideoirí

Níor éirigh le Bytedance **an toimhde reachtaíochta a fhrisnéis** (rebut the presumption)

Cf Cásanna ar feitheamh : **Meta (éisteacht an 3 Meitheamh), Apple, Opera Norway**

# SAOIRSE AN PHREASA / CHUN TUAIRIMÍ A NOCHTADH

T-125/22 **RT France v Comhairle (2022)**

Comhthéacs: réimse an **chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES)**

Smachtbhannaí (sanctions) an Aontais Eorpaigh ar an Rúis

2014 (ionghabháil neamhdhleathach na Crimé); 2022 (fogha míleata faoin Ucráin)

2,300 duine aonair agus eintiteas – cosc ar theacht isteach san Aontas Eorpach; reo cistí ...

- **Márta 2022: Chuir AE smachtbhannaí ar na heagraíochtaí státmhaoinithe RT/Russia Today gan bheith ag craoladh san Aontas**
- **Bailíocht na gCinntí ón Comhairle, maidir le saoirse an phreasa agus saoirse chun tuairimí a nochtadh: Airt. 11 den Chairt**
- Mór-Dhlísheomra na Cúirte Ginearálta

# SAOIRSE AN PHREASA / CHUN TUAIRIMÍ A NOCHTADH

- Dhíbh an Chúirt Ghinearalta an chaingean
- Comhlíontar ceanglais Airt. 52.1 den Chairt :

« Ní mór **foráil le dlí (« provided by law »)** d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus **ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú**. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin **má tá gá leo** agus má fhreagraíonn siad **iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint**. »

# SAOIRSE AN PHREASA / CHUN TUAIRIMÍ A NOCHTADH

Sa chás seo:

- Foráiltear an srian **le dlí** (Cinntí)
- Tá cuspóir leasa ghinearálta i gceist (ord poiblí in AE a chosaint ar **bholscaireacht** (propaganda) na Rúise) / bearta sriantacha (restrictive measures) chun brú a chur ar an Rúis
- Comhréireacht (proportionality): Léirigh an fhianaise os comhair na Cúirte **nach raibh modhanna ann nach raibh chomh sriantach céanna lena bhféadfaí an cuspóir céanna a bhaint amach**

# SAOIRSE AN PHREASA

C-633/22 **Real Madrid Club de Fútbol (2024)**

- D’fhoilsigh Le Monde alt ag nascadh chlub peile Real Madrid le ráflaí dópála.
- Fuarthas an nuachtán sin ciontach i gclúmhilleadh sa Spáinn, rinne sé agóid i gcoinne fhorfheidhmiú an bhreithiúnais sin sa Fhrainc, de bhun **shaoirse an phreasa**.
- Chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfaí **teorainn a chur le haitheantas frithpháirteach breithiúnas más léir go sáraítear cearta bunúsacha leis**.
- Baol ann go **ndíspreagfar an preas ó ábhair a bhaineann le leas an phobail a chumhdach le smachtbhannaí díréireacha i gcoinne na meán**, amhail damáistí iomarcacha, rud **nach luíonn le luachanna daonlathacha an Aontais Eorpaigh**.

# SAOIRSE CREIDIMH

Airt. 10 den Chairt : “**Tá ag gach duine an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin**… »

C-148/22 **Commune d’Ans** (2023)

- Ceann oifige a oibríonn sa commune d’Ans, nach mbíonn teagmháil aicile húsaideoirí na seirbhíse poiblí den chuid is mó.
- Cuireadh **cosc uirthi an caifirín Ioslamach (headscarf) a chaitheamh** ina hionad oibre: chun an neodracht a léiriú, cosc ar iompúchán (proselytism) d’aon chineál
- CBAE: D’fhféadfaí a mheas go bhfuil **bonn cirt oibiachtúil le haidhm dhlisteanach** (« objectively justified by a legitimate aim ») ag baint le **beartas na neodrachta dochta** (policy of strict neutrality) a fhorchuireann riarachán poiblí ar a chuid oibrithe d’fhonn timpeallacht riaracháin atá go hiomlán neodrach a bhunú

# SAOIRSE CREIDIMH

- Tá an **bonn cirt céanna** leis an rogha atá ag údarás riaracháin phoiblí eile i bhfabhar beartais lena gceadaítear, go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach, comharthaí infheicthe creidimh a chaitheamh
- **Corrlach breithmheasa** (margin of discretion) ag gach Ballstát, ag brath ar a chomhthéacs sonrach féin.
- Mar sin féin, ní mór an cuspóir sin a shaothrú ar bhealach **comhleanúnach agus córasach** (consistent and systematic) agus ní mór na bearta a ghlacfar chun é a bhaint amach a bheith teoranta dá bhfuil **fíor-riachtanach**.

# BUNLUACHANNA AN AONTAIS

Tuairim an AG : C-769/22 **an Coimisiún v an Ungáir** 5 Meitheamh 2025

- Dlí LXXIX 2021: Cuirtear **toirmeasc nó srian iarbhír ar rochtain ar ábhar a léiríonn nó a chuireann chun cinn 'féiniúlachtaí inscne nach gcomhfhreagraíonn don ghnéas a tugadh nuair a bheirtear duine, deimhniú gnéis nó homaighnéasacht**'
- Caingean um shárú (infringement) os comhair na Cúirte : Cosaint sonraí pearsanta, an Chairt um Chearta Bunúsacha, + Airt. 2 CAE
- Measann an AG gur **sháraigh an Ungáir dlí an Aontais, trí shrian a chur ar rochtain ar ábhar LADTI** (saoirse chun seirbhísí a fháil; toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn gnéis agus gnéaschlaonta, meas ar an saol príobháideach, saoirse chun tuairimí a nochtadh, ceart chun dínit an duine)
- Molann sí gur cheart don Chúirt a chinneadh go ndearnadh **sárú neamhspleách ar Airt 2. CAE: « línte dearga »**

# CONCLÚID

- Coincheap « saoirse » athraithe go suntasach ó thús an chásdlí, mar gheall ar **leathnú an Chonartha**: An Chairt um Chearta Bunúsacha, bunluachanna AE

- **Cothromaíocht** idir saoirse eacnamíoch + cearta bunúsacha **ag forbairt fós** (*DMA*, *DSA*, cosaint sonraí pearsanta…): córas faoi leith ag forbairt, i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe msh.

- Ceangail idir bunluachanna an Aontais agus bunreachtanna náisiúnta ag forbairt freisin (viz C-156/21 **an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle** (« coinníollachas » / « conditionality ») (2022); **« féiniúlacht náisiúnta »** ag baint le luachanna bunreachtúla (Airt 4,2 den Chonradh))